# Tuarascáil Riosca Oifige – Feabhra 2026

## Léarscáil Teas Riosca

Léiríonn an léarscáil

- líon na rioscaí corparáideacha de réir rátáil riosca iarmharaigh, agus an ghluaiseacht i gcomparáid leis an ráithe roimhe sin,
- cur síos ar na rioscaí arda agus meánacha uile, rangaithe de réir rátála.

| Tionchar Riosca | | 1 Caolseans | 2 Ní dócha | 3 Níos dóichí ná a mhalairt | 4 Is dócha | 5 Á tarlú cheana féin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tubaisteach | 5 | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste an- suntasach | 4 | 1 (-) | 0 (-) | 1 (-) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste measartha | 3 | 1 (-) | 4 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) |
| Damáiste Íseal/gur féidir smacht a choinneáil air | 2 | 4 (-) | 1 (-) | 0 (-) | 1 (-) | 0 (-) |
| Neamhthábhachtach | 1 | 1 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) | 0 (-) |

Risk Likelihood

Nóta: Léiríonn na figiúirí sna lúibíní gluaiseacht ar líon na rioscaí taobh istigh de scór riosca sa tréimhse sin

| Rank | Risk |
|---|---|
| 1 | Sáruithe cibearshlándála agus/nó sáruithe sonraí |
| 2 | Cumas foirne |

Ní mheasann an CBP go bhfuil aon rioscaí iarmharacha a bhfuil ráta ard ag baint leo ann ag an am seo. Rinne an CBP athbhreithniú ar dhul chun cinn i mbainistíocht rioscaí mar atá leagtha amach sna gníomhartha láimhseála riosca agus rinne siad machnamh ar rioscaí tuairiscithe agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn. Níor tuairiscíodh aon rioscaí ar an gcóras tuairiscithe riosca.

Is í conclúid fhoriomlán an Choiste i mí na Feabhra 2026 gurb é an riosca iarmharach is mó atá os comhair na hOifige ná nach gcomhlíonann an Oifig na ceanglais dlí uile, na hoibleagáidí rialachais agus na hoibleagáidí corparáideacha eile mar gheall ar shárú cibearshlándála agus/nó sárú sonraí. Baineann an chéad riosca is suntasaí eile le gan acmhainn foirne a bheith ann chun cláir na hOifige a sheachadadh.